

❖ An Lúibín ❖

30 Aibreán 2010

Múinteoirí Teangacha Ceilteacha

North American teachers of Celtic languages will come together in June on the Isle of Skye.

Féile na n-oidí: Comhdháil Bhliantúil Mhuintearas Mheiriceá Thuaidh do Mhúinteoirí Teangacha Ceilteacha agus í ar siúl idir 9 – 12 Meitheamh i Sabhal Mór Ostaig ar Oileán Sciathanach in Albain. Tiofaidh na scórtha – múinteoirí teanga, lucht léinn, feidhmeannaigh agus ceoltóirí.

Beidh cainteanna á ndéanamh ar na hábhair seo a leanas:

- Modhanna múinteoireachta agus dea-chleachtas i múineadh teangacha Ceilteacha
- Cultúr Ceilteach a nascadh le múineadh na dteangacha sa seomra ranga
- Pleanáil teanga agus polasaithe teanga sa domhan Ceilteach
- Na modhanna is fearr chun na teangacha Ceilteacha a chur chun cinn.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an gComhdháil ag www.naaclt.org.



Dlítheangeolaithe ag teastáil

Irish-speaking lawyer-linguists have found a niche in the EU.

Tá stádas ag an nGaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre san Aontas Eorpach anois, agus beidh Institiúidí na hEorpa ar lorg dlítheangeolaithe dá bharr. Caithfidh siad máistreacht a bheith acu ar an nGaeilge.

Beidh cúrsa lánaimseartha ullmhúcháin á reáchtáil ag Gaelchultúr Teoranta i gcomhar le hÓstaí an Rí ó 7 Meitheamh amach chun daoine a ullmhú chun iarratas a chur isteach ar na poist úd sa Bhruiséil. An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a sholáthróidh an maoiniú.

Ní foláir do dhaoine céim dlí nó cáilíocht ghairmiúil dlí a bheith acu (BL nó Solr) agus iad a bheith in ann Gaeilge a scríobh go maith. Bainfear triail teanga as gach iarrthóir, agus ní bheidh aon táille le híoc ag an té a n-éiríonn leis. Caithfear iarratais a bheith faighte ag Óstaí an Rí faoi 7 Bealtaine 2010, agus is fiú féachaint ar shuíomh Óstaí an Rí: www.kingsinns.ie.



Gá le reachtaíocht dlí i dTuaisceart Éireann

The Council of Ministers in the EU has recommended that Irish have legislative support in Northern Ireland.

Tá sé molta ag Coiste na nAirí i gComhairle na hEorpa go mbeadh tréanbheartas ag na hÚdaráis i dTuaisceart Éireann ar son na Gaeilge. Moladh freisin go mbeadh dlí ann chun na teanga a chosaint agus a threisiú sa Tuaisceart. Bhí na moltaí seo de réir an tríú tuarascáil a rinne coiste saineolaithe mar gheall ar *Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh* a chur i bhfeidhm.

Scagann na saineolaithe na mórcheisteanna a bhaineann le teangacha éagsúla na Ríochta Aontaithe. Tugtar aird ar stádas na Gaeilge i gcúrsaí oideachais i dTuaisceart Éireann, ar chearta teanga i gcúrsaí dlí agus ar na nGaeilge sna meáin, agus deirtear go bhfuil práinn le reachtaíocht teanga.

Dúirt Janet Muller, príomhfheidhmeannach na heagraíochta Gaeilge *Pobal*, go raibh an moladh ag teacht le éileamh phobal na Gaeilge féin ar reachtaíocht den saghas sin.



Taibhdhearc Nua

Government funding may mean a revival of the fortunes of one of Ireland's great theatres: The Taibhdhearc.

In Éirinn amháin atá drámaíocht Ghaeilge le fáil (lasmuigh den chorr-iarracht a dhéanann grúpaí beaga thar lear ó am go chéile) agus is é príomhionad naofa na healaíne sin an Taibhdhearc i nGallimh. Ní mór an meas atá uirthi anois: rinne tine an-díobháil di sa bhliain 2002, agus riamh ó shin tá sí ag léiriú seónna in áiteanna difriúla ar fud na cathrach, rud a chosnaíonn suas le €50,000 in aghaidh na bliana.

Thairg Éamon Ó Cuív, iarAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, €300,000 don Taibhdhearc ar choinníoll go bhfaigheadh bainisteoirí na hamharclainne a oiread eile ón gComhairle. Chun an margadh seo a chur i gcrích bhí ar an Taibhdhearc a chur ina luí ar na húdaráis áitiúla go raibh sár-obair ar siúl acu i gcúrsaí drámaíochta, ceoldrámaíochta agus rince. D'oscail na comhairleoirí an sparán dá bharr ar choinníoll go raibh an Roinn Sásta fós a cuid féin den airgead a thabhairt agus go ndéanfadh an Taibhdhearc plean gnó.

Ní féidir leis an Taibhdhearc a bheith beo ar Ghaeilge amháin, agus cé go raibh iomrá áitiúil ar chuid de na drámadóirí agus na haisteoirí a bhain léi, is amhlaidh nár eascair aon drámaí Gaeilge uaithe a mbeadh ráchairt ag Eorpaigh oilte orthu. Ní leor a rá go gcaithfear an amharclann a chothú ar son an chultúr nó an tradisiúin; ba chóir a bheith ag súil le toradh suntasach i gcúrsaí drámaíochta. Ní mór an t-ionadh, áfach, dá meathfadh ár ndóchas. Tá drámadóirí, aisteoirí, dearthóirí agus léiritheoirí den chéad scoth ag teastáil, agus rud eile atá lán chomh tábhachtach – lucht féachana le Gaeilge. B'fhéidir go bhfuil siad ann. Is gearr go mbeidh a fhios againn.



Ag caint le strainséirí (cuid 1)

In both Ireland and Australia there is official recognition of the need to learn foreign languages. In neither country has this been translated into effective policy. Ireland has the complication of compulsory Irish – a requirement viewed cynically by many students and frequently evaded. In Australia ambitions are checked by a lack of teachers.

Tá gá le teanga iasachta nó dhó i gcuid mhaith de na poist atá á dtairiscint ag comhlachtaí ilnáisiúnta in Éirinn. Ní deacair na poist seo a líonadh, ach ní hiad na hÉireannaigh atá á bhfáil. A mhalairt ar fad: Eorpaigh eile a fhaigheann iad de ghnáth. Is minic (mar a scríobh Gráinne Faller san *Irish Times* ar 20/4/10) nach gcuireann Éireannaigh de dhua orthu féin cur isteach ar phost más teanga iasachta atá ag teastáil chuige. Má chuireann, is annamh a éiríonn leo. Seirbhísí idirnáisiúnta atá i gceist, agus is fearr leis an gcustaiméir a theanga féin a labhairt.

In Éirinn ní dhéanann ach timpeall 8% de dhaltai meánscoile dhá theanga iasachta nó os a chionn, le hais timpeall 60% ar an Mór-Roinn. Táthar ag trácht ar an scéal a fheabhsú le breis is fiche bliain, ach ní furasta é a dhéanamh: tá neart taighde á dhéanamh ach níl a rian sin ar mhodhanna múinteoireachta. Ceist phleanála í, ar shlí, ós forais dhifriúla atá freagrach as an mbeartas, as an gcuraclam agus as na scrúduithe. Is mór an bac é seo agus múinteoirí sásta modhanna nua a thriail ach iad a bheith ar fáil.

Admhaítear gur minic nach múintear teangacha mar mheán ceart cumarsáide sna scoileanna (agus an Ghaeilge mar shampla suntasach). Sa bhliain 2008 chuir Comhairle na hEorpa tuairisc amach a mhol, i measc rudaí eile, go gcuirfí teagasc teangacha in oiriúint d'ábhair eile agus go ndéanfaí athbhreithniú ar úsáid teangacha sna bunscoileanna. Cuireadh grúpa oibre ar bun dá bharr, agus deirtear go bhfuil dréacht beartais nua á scrúdú ag an Roinn Oideachais.

Tá cúpla rud fóna ar siúl: tá an-ráchairt ar scéim chun Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Fraincis a chur á múineadh sna bunscoileanna, agus ar scéim eile a éascaíonn múineadh na hIodáilise, na Spáinnise, na Seapáinise agus na Rúisise sna meánscoileanna. Níl a leithéidí ar siúl ach i gcúpla áit, áfach.

Tá Comhar na Múinteoirí Gaeilge ag iarraidh ar an Roinn Oideachais súil níos géire a thabhairt ar na díolúintí ón nGaeilge a thugtar do dhaltáí san Ard-Teistiméireacht (*Foinse* 21/4/10). Seachnóidh 2,297 dalta an scrúdú Gaeilge i mbliana agus díolúine faighte acu de bharr deacrachtaí foghlamtha; ach ní bhacfaidh sin ar 1,326 díobh tabhairt faoi scrúduithe i dteangacha Eorpacha eile.

Níl tuairimí faoi mhúineadh na Gaeilge in easnamh ar leathanaigh litreacha. Dúirt duine amháin go bhfuil réiteach an scéal le fáil i múineadh éifeachtach agus i spreagadh na ndaltaí. Is féidir le múinteoir oilte ar bith a bhfuil eolas agus cion éigin aige ar an teanga í a mhúineadh do dhuine ar bith beagnach, fiú d'Éireannaigh óga. A mhalairt a tharlaíonn i ndáiríre. Dúirt duine eile gur thug sé scoth Gaeilge leis ón scoil ach gur deacair do dhaoine leas a bhaint as an teanga ina dhiaidh sin, rud a dhéanann teanga mharbh di i ndáiríre. Ní théann Gaeilge éigeantach ar sochar don teanga, agus b'fhéidir go bhfuil sé in am teanga roghnach a dhéanamh di. Dúirt mo dhuine gur mhó an tairbhe dó Sínis, Rúisis nó teanga de chuid an Mheán-Oirthir a bheith aige. Dúirt sé (agus thioctadh mórán leis) gur chóir don Roinn Oideachais teangacha iasachta a dhéanamh éigeantach sna scoileanna.

Bhí duine amháin buíoch den obair atá le fáil san AE de bharr stádas nua na Gaeilge ann. Poist d'aistritheoirí agus d'ateangairí atá i gceist, agus deis oibre acu sa Choimisiún, sa Chomhairle agus sa Pharlaimint.

Ní foláir comparáid a dhéanamh idir Éire agus an Astráil, go háirithe Stát Victoria, áit a bhfuil neart teangacha le cloisteáil. Tá breis is leath dhaltáí Victoria ag déanamh staidéar ar theanga iasachta, ach is beag duine acu a leanann den obair i mbliain 12 (bliain dheireanach na meánscoile) - idir 12% agus 14% le deich mbliana anuas. Saothar in aisce é i gcoitinne: fiú tar éis a bheith ag foghlaim teanga leis na blianta, ní féidir le formhór na ndaltaí í a labhairt.

Is fíor go bhfuil méadú mór tagtha ar líon na ndaltaí a dhéanann staidéar ar theanga eile agus ar an méid teangacha féin. Tá ráchairt ar leith ar Shínis, ar Fhraincis, ar Indinéisís, ar Ghearmáinis, ar Iodáilis agus ar Sheapáinis, agus déantar iarracht ar theanga iasachta a mhúineadh i 90% de na bunscoileana. Ach tá fadhbanna ann: easpa ama, easpa acmhainní, easpa múinteoirí, curaclam pulctha. Is deacair speisialtóirí a bhfuil bua na múinteoireachta acu a fháil agus a choinneáil. Dá bhrí sin is fusa 'blas den chultúr' a thabhairt do na daltaí, rud nach ionann is greim a fháil ar theanga.

Sna meánscoileanna féin tá múinteoirí teanga gann, agus déarfadh a lán príomhoidí go bhfuil an iomarca teangacha á múineadh - ocht gcinn déag acu. Áitítear gurbh fhearr aird ar leith a thabhairt ar roinnt teangacha 'tábhachtacha' - Sínis, Seapáinis, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis (nó Iodáilis agus Indinéisís amháin). Tá tábhacht ar leith ag an tSínis faoi láthair ar chúiseanna tráchtála, ach is beag dalta nach de shliocht Síneach é a dhéanann staidéar fíoroilte ar an teanga. Níl ach fíorbheagán daltaí ag déanamh staidéir ar an Indinéisís, teanga nach deacair a fhoghlaim, agus í a labhairt i dtír a bhfuil dlúthbhairt aici leis an Astráil. (Baineann Astráiligh sult as Bali agus as trábhailte na Téalainne, ach is beag duine acu a d'fhoghlaimedh an cúpla focal chuige.)



Triomach sa tSín

China is used to flood and drought. The latter presently afflicts even the well-watered south, and Chinese meteorologists have linked it to global warming world-wide.

Tá triomach uafásach ann i ndeisceart na Síne, áit arb annamh easpa uisce uirthi. Bíonn súil lena leithéid sa tuaisceart: sa bhliain 2008 ní bhfuarthas ach 6.2 mm de bháisteach ann anuas go dtí Mí Mhárta, nuair a bheadh a dhá oiread báistí faighte acu de ghnáth. Bhí Beijing, lár na cruinne, chomh tirim le háit ar bith. Chun uisce a thabhairt ó thuaidh chun Beijing agus chun cathracha eile cuireadh an Scéim Uisce Ó Thuaidh ar bun, agus talamh slán déanta de go mbeadh teacht ar uisce theas i gcónaí. Admhaítear anois go bhféadfadh triomach a bheith ann thuaidh agus theas araon, tubaiste a bhrostódh lucht pleanála chun a ndíchill. Sa bhliain 2008 amháin bhí lorg an triomaigh ar 19 milliún heicteár (8 milliún acra).

Bliain ó shin bhí loch i nDamoguzhen in iardheisceart na Síne agus é míle slí ar leithead; anois tá machaire tirim ann agus an tír ina balc. Seo Yunnan, réigiún álainn fliuch gar don Tibéid a bhfuil 310 ndamba, 580 abhainn agus 3,600 lochán gan uisce anois ann. Ní thiochfaidh an séasúr fliuch go ceann míosa. Deir na seandaoine nach bhfaca siad na dambaí agus na claiseanna uiscithe tirim riamh roimhe seo. Caithfear achar fada a shiúl sna sléibhte faoi choinne uisce. Tá ciondail uisce ann chun freastal ar fhiche milliún duine, ar chúig mhilliún déag ainmhí agus ar dhá mhilliún heicteár.

Sa réigiún seo tá aibhneacha móra agus altáin chrochta – an fhoinsé hidrileictreachais is mó ar domhain. Anois tá easpa uisce ar 60% de na dambaí, agus tá na cathracha ag dó níos mó guail chun fuinneamh a sholáthar. Tháinig ardú 40% faoi phraghas an rubair agus ardú 10% faoi phraghas an tsiúcra. Tá rís agus pónairí níos daoire.

Tá Yunnan ina dhéan ag éin agus ag ainmhithe a d’imigh in éag in áiteanna eile, agus gheofá cuid den bhithéagsúlacht is mó ar domhan ann. Anois tá eilifintí, éin agus na mamalaigh mhóra ar lorg dídine i gceantair eile, agus deirtear go bhfuil na débheathaigh ag fáil bháis.

Níl na húdaráis dall ar an tubaiste. Tháinig na mílte leoraí uisce, agus tionóladh os cionn 1,100 innealtóir agus oibrí as gach cearn chun breis is 1,600 tobar a bhaint in iardheisceart na tíre. Sholáthroidís 200,000 méadar ciúbach uisce sa lá i gcomhair dhá mhilliún duine agus milliún beithíoch. Tá seifteanna eile á dtriall: tá sliogáin níotráite agus roicéid á scaoileadh leis na scamaill chun báisteach a spreagadh; tháinig beagán báistí, ach tá an triomach i réim go fóill.

I Yunnan a thosaíonn an Mekong, abhainn mhór a thagann aduaidh trí thíortha oirdheisceart na hÁise, agus coimisiún réigiúnach ina feidhil - an Téalainn, an Chambóid, Laos, Vítneam agus an tSín. Ní raibh réimsí den abhainn chomh híseal seo le caoga bliain. Deir na Síneigh gurb í an aimsir thirim is cionsiocair leis; níl baill eile an choimisiúin chomh cinnte sin de. Sa tSín atá na dambaí mhóra, agus níos mó airde ag lucht a dtógála ar an hidrileictreachas ná ar aon rud eile.

Tá breis is 18 milliún duine agus 11 milliún beithíoch ar bheagán uisce faoi láthair sa tSín, agus deir meitéareolaithe Síneacha gurb é an t-athrú aeráide is cionsiocair leis an triomach. Déantar trácht ar shruthanna casta farraige agus ar shruthlú neamhchoitianta aeir. An meall fuar aeir a gineadh os cionn an ardchlár Qinghai-Tibéadaigh i Mí Mheán Fómhair 2009 tá sé ina bhac ar na haershruthanna teo fliucha ón Aigéan Indiach agus ó Bhá Bheangál, agus is deacair don aer fuar aduaidh dul chomh fada le Yunnan. Ní féidir le sruthanna teo agus le sruthanna fuara bualadh le chéile agus báisteach a dhéanamh, agus ceapann na meitéareolaithe go mbaineann seo le cúrsaí aeráide ar fud an domhain.

Gach bliain imíonn na mílte oibrí fáin ar lorg oibre i gcúigí eile, agus tá an rialtas ag iarraidh na mílte eile a sheoladh thar teorainn amach le tíos a dhéanamh ar uisce sa bhaile. Cuirfear traenáil ar fáil dóibh saor in aisce agus beidh aontaí fostaithe ann, agus b’fhéidir go mbeadh ar an rialtas cuid den phobal buan a aistriú. Bhí toradh eile ar an aimsir thirim: dúradh go gcuirfí níos mó lucht dóiteáin chun Guangxi (lámh le Yunnan) i mbliana ar eagla tinte coille i rith fhéile Qingming, agus daoine ag dó airgead páipéir le hómós dá sinsir.

Féach:

- 'Drought turns southern China into arid plain,' Jonathan Watts in Damoguzhen, Yunnan, *The Guardian*, www.guardian.co.uk, 7/4/10, le Chen Shi agus Cui Zheng
- http://www.chinadaily.com.cn/china/2010drought/2010-03/28/content_9653182.htm
- http://www.chinadaily.com.cn/china/2010-03/28/content_9652671.htm
- http://www.chinadaily.com.cn/china/2010-03/27/content_9652635.htm
- <http://www.planetark.org/dailynewsstory.cfm/newsid/47745/story.htm>
- 'Drought Hits Northern China, Worst In Decades,' 2/4/08, *China*, Thomson Reuters 2008, <http://www.planetark.org/r/www.reuters.com/>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Múinteoirí Teangacha Ceilteacha

Tiocfaidh múinteoirí teangacha Ceilteacha Mheiriceá Thuaidh le chéile i Mí an Mheithimh ar Oileán Sciathanach¹ in Albain. Beidh cainteanna á ndéanamh ar na hábhair² seo a leanas: modhanna³ agus dea-chleachtas⁴ múinteoireachta, cultúr Ceilteach a nascadh le múineadh na dteangacha, pleanáil teanga agus polasaithe teanga sa domhan Ceilteach, agus na modhanna is fearr chun na teangacha a chur chun cinn.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an gComhdháil ag www.naactl.org.

Dlítheangeolaithe⁵ ag teastáil

Tá stádas ag an nGaeilge san Aontas Eorpach anois, agus beidh Institiúidí na hEorpa ar lorg dlítheangeolaithe dá bharr⁶. Caithfidh siad máistreacht a bheith acu ar an nGaeilge. Beidh cúrsa lánaimseartha ullmhúcháin⁷ á reáchtáil ag Gaelchultúr Teoranta i gcomhar le⁸ hÓstaí an Rí i Mí an Mheithimh. Caithfidh daoine céim dlí nó cáilíocht ghairmiúil dlí a bheith acu agus iad a bheith in ann Gaeilge a scríobh go maith. Is fiú féachaint ar shuíomh Óstaí an Rí: www.kingsinns.ie.

Gá le reachtaíocht dlí i dTuaisceart Éireann

Tá sé molta ag Coiste na nAirí i gComhairle na hEorpa go mbeadh dlí ann chun na teanga na teanga a chosaint agus a threisiú⁹ i dTuaisceart Éireann. Bhí na moltaí seo de réir tuarascála¹⁰ a rinne coiste saineolaithe¹¹ ar theangacha réigiúnda na Breataine. Tugtar aird ar stádas na Gaeilge i gcúrsaí oideachais, ar chearta teanga i gcúrsaí dlí agus ar an nGaeilge sna meáin.

Taibhdhearc Nua

Is é príomhionad na drámaíochta Gaeilge in Éirinn an Taibhdhearc i nGallimh. Rinne tine díobháil di sa bhliain 2002, agus riamh ó shin tá sí ag léiriú seónna¹² in áiteanna difriúla ar fud na cathrach, rud a chosnaíonn suas le €50,000 in aghaidh na bliana.

Thairg an rialtas €300,000 don Taibhdhearc ar choinníoll¹³ go bhfaigheadh an Taibhdhearc a oiread eile¹⁴ ón gComhairle. Dúirt an Chomhairle go dtabharfadh sí an t-airgead ar choinníoll go raibh an Roinn sásta a cuid féin den airgead a thabhairt agus go ndéanadh an Taibhdhearc plean gnó.

Ag caint le strainséirí (cuid 1)

¹ Isle of Skye

² ábhair: ábhar - topic

³ modhanna: modh - method

⁴ good practice

⁵ dlítheangeolaithe: dlítheangeolaí – lawyer-linguist

⁶ in consequence

⁷ preparatory

⁸ in cooperation with

⁹ strengthen

¹⁰ in accordance with a report. Tuarascála: tuarascáil

¹¹ saineolaithe: saineolaí - expert

¹² seónna: seó - show

¹³ on condition

¹⁴ as much again

Tá gá le teanga iasachta nó dhó i gcuid mhaith de na poist atá á dtairiscint¹⁵ ag comhlachtaí ilnáisiúnta in Éirinn. Ní deacair na poist seo a líonadh, ach ní hiad na hÉireannaigh atá á bhfáil. A mhalairt ar fad¹⁶: Eorpaigh eile a fhaigheann iad de ghnáth. In Éirinn ní dhéanann ach timpeall 8% de dhaltaí meánscoile dhá theanga iasachta nó os a chionn¹⁷, le hais¹⁸ timpeall 60% ar an Mór-Roinn.

Sa bhliain 2008 tháinig tuairisc amach a mhol go gcuirfí teagasc na dteangacha in oiriúint d'ábhair eile¹⁹ agus go ndéanfaí athbhreithniú²⁰ ar úsáid teangacha sna bunscoileanna. Deirtear go bhfuil beartas nua á scrúdú ag an Roinn Oideachais dá bharr.

Maidir leis an nGaeilge, deir Comhar na Múinteoirí Gaeilge gur ceart scrúdú níos géire a dhéanamh ar na díolúintí²¹ ón nGaeilge a thugtar do dhaltaí áirithe i scrúduithe na hArdTeistiméireachta. Éiríonn leis na mílte dalta gan Ghaeilge a dhéanamh, cé go ndéanann cuid acu teangacha eile.

Is dóigh le daoine éigin gurbh fhearr teangacha 'úsáideacha' a mhúineadh agus nach dtéann Gaeilge éigeantach ar sochar don teanga. Deir daoine eile go bhfuil poist le fáil trí Ghaeilge san Aontas Eorpach anois.

Is féidir comparáid a dhéanamh idir Éire agus an Astráil (go háirithe Stát Victoria). Déanann mórán dalta teanga eile ar an mbunscoil agus ar an meánscoil in Victoria, agus tá ráchairt²² ar leith ar Shínis, ar Fhraincis, ar Indinéisís, ar Ghearmáinis, ar Iodáilis agus ar Sheapáinis. Ach is iomaí dalta a ligeann teangacha iasachta ar lár²³, agus is beag dalta a éiríonn líofa²⁴. Tá múinteoirí teanga gann, agus deir daoine éigin go bhfuil an iomarca teangacha á mhúineadh.

Triomach sa tSín

Tá triomach uafásach ann i ndeisceart na Síne, áit a mbíonn mórán uisce le fáil de ghnáth. Is minice²⁵ triomach ann sa tuaisceart, ach admhaítear²⁶ anois go bhféadfadh triomach a bheith ann thuaidh agus theas araon²⁷. Deir na seandaoine nach bhfaca siad leithéid na triomaigh is déanaí riamh. Tá ciondail uisce ann agus easpa uisce ar fhiche milliún duine.

Sa réigiún seo tá aibhneacha móra ann agus déantar mórán hidrileictreachais. Is deacair é sin a dhéanamh anois, agus tá praghas an bhia ag ardú de cheal uisce.

Tá mórán éan agus ainmhithe in Yunnan, ach tá cuid acu ag imeacht anois toisc go bhfuil uisce chomh gann sin.

Tá na húdaráis ag tabhairt uisce isteach agus ag baint toibreacha. Tá siad ag scaoileadh roicéad leis na scamail²⁸ chun báisteach a spreagadh; tháinig beagán báistí, ach tá an triomach ann fós.

¹⁵ being offered

¹⁶ quite the opposite

¹⁷ or over

¹⁸ in comparison with

¹⁹ that the teaching of languages be adapted to other subjects

²⁰ review

²¹ exemptions

²² demand

²³ lets drop

²⁴ becomes fluent

²⁵ more often

²⁶ it is acknowledged

²⁷ together

²⁸ firing rockets at the clouds

Sa tSín a thosaíonn an Mekong, abhainn mhór a thagann aduaidh tríd an an Téalainn, tríd an Chambóid, trí Laos agus trí Vítneam. Tá an abhainn an-íseal sna tíortha sin anois, agus deir na Síinigh gurb í an aimsir is cúis leis. Deir daoine eile go bhfuil an iomarca dambaí²⁹ sa tSín.

Deir meitéareolaithe sa tSín gurb é an t-athrú aeráide is mó is cúis leis an triomach. Tá sruthanna³⁰ na farraige agus an aeir ag athrú agus fágann seo a rian³¹ ar an mbáisteach.

Gach bliain fágann mórán daoine Yunnan ar lorg oibre in áiteanna eile. Tagann siad abhaile ina dhiaidh sin. Tá an rialtas ag áitiú ar níos mó daoine³² imeacht chun tíos a dhéanamh ar an uisce³³.

²⁹ too many dams

³⁰ sruthanna: sruth - current

³¹ this leaves its mark

³² persuading more people

³³ economise on water